Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Márta 2024
(OR. en)

7601/24
ADD 1
LIMITE
PV CONS 11
COMPET 303
IND 148
MI 293
RECH 111
ESPACE 33

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Iomaíochas (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht, an Taighde agus an Spás))

7 Márta 2024

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**4. Staid reatha an Mhargaidh Aonair: tuarascáil bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas 2024** 6625/1/24 REV 1

*Malartú tuairimí*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar na ceisteanna mar a leagtar amach sa doiciméad thuas iad.

PUBLIC

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 7144/24**

PUBLIC

**Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':**

**Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh**
*Comhaontú i bprionsabal*
*Iarraidh ar an toiliú ó Pharlaimint na hEorpa*

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

'Gan dochar dá seasamh deiridh tráth a glacadh an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle mar gheall ar chomhairliúcháin náisiúnta leanúnacha, dearbhaíonn an Eastóin gur thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh mar a leagtar amach in 6509/24 é.

Tacaíonn an Eastóin leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais as an gConradh um Chairt Fuinnimh, arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga, a bheith á chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa chun a toiliú a fháil.'

**Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':**

**Mhol AE agus SAM gníomhaíochtaí d'ardáin ar líne chun cosantóirí chearta an duine a chosaint ar líne**
*Formheas ionstraime neamhcheangailtí*

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

**'Rioscaí do chosantóirí chearta an duine a shainaithint**

I gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire agus leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir mná agus fir agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Ina theannta sin, tá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe mar bhunluach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh, go háirithe in Airteagal 2 CAE agus in Airteagal 8 CFAE. I gcomhréir leo sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is é an léiriú atá ag an Ungáir ar an gcoincheap 'inscne' tagairt don 'gnéas' agus ar an gcoincheap 'comhionannas inscne' tagairt don 'comhionannas idir mná agus fir'.